

## Bileog Eolais - Margaíocht mhíthreorach ar tháirgí bia

Déanann déantóirí bia cúpla maíomh faoi bhia ar an bpacáistiú ionas go mbeidh sé níos tarraingtí. Mar gheall ar dhlíthe a bhaineann le fógraíocht, ní mór do gach maíomh a bheith fíor. Mar sin féin, féadfaidh tomhaltóirí a bheith den tuairim go bhfuil an táirge ‘níos sláintiúla’ nó ‘níos fearr’ ná mar atá sé i ndáiríre mar gheall ar gach maíomh a dhéantar. Mar shampla, d’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar cháca seacláide mar cheann atá ‘gan ghlútan’. B’fhéidir go bhfuil a lán calraí sa cháca seacláide, chomh maith le go leor saille agus easpa cothaitheach, ach beidh roinnt daoine den tuairim go bhfuil an rogha seo ‘níos sláintiúla’ mar go bhfuil ‘gan ghlútan’ scríofa ar an bpacáistiú. Tugtar “fáinne sláinte” air seo; nuair a chreidimid maíomh sláinte amháin faoi tháirge, glacaimid leis go bhfuil an táirge sláintiúil ar an iomlán.

### I measc cineálacha áirithe nithe a deir comhlachtaí bia tá:

- Maíomh faoi chaighdeán an táirge (m.sh., nádúrtha, úr)**  
Féadfaidh cur síos a dhéanamh ar tháirge éisc ó bhialann ghasta mar ‘trosc úr’ a dhéantar ar an mbealach traidisiúnta. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an trosc ón mbialann ghasta sláintiúil, ach creidfídh roinnt tomhaltóirí gur rogha níos fearr é ná ceann reoite ó ollmhargadh mar shampla. Is gnách go samhlaíonn daoine sláinte agus ardchaighdeán le focail ar nós ‘nádúrtha’, ‘úr’ agus ‘traidisiúnta’.
- Maíomh a bhaineann le leas ainmhithe nó an timpeallacht (m.sh. uibheacha saor-raoin, in-athchúrsáilte)** Is minic a bhíonn fonn ar thomhaltóirí an rud ceart a dhéanamh d’ainmhithe nó don timpeallacht. Bainfidh déantóirí leas as an dea-thoil seo.
- Maíomh cothaitheach (m.sh., níl aon siúcra sa bhreis, treisithe le hiarann, saor ó bhlas saorga, 50% níos lú siúcra)**  
Is gá do na nithe seo a bheith fíor, ach is féidir míthuiscint a bhaint astu mar a baineadh sa sampla den cháca seacláide thuas. Níl rud éigin sláintiúil le 50% níos lú siúcra má tá an cion siúcra fós ró-ard.
- Maíomh sláinte (m.sh., cuireann sé leis an gcóras imdhíonachta)**  
Caithfidh gach maíomh sin a bheith fíor agus is annamh a dhéantar iad sa chás seo dá bharr. Tá sé deacair nasc a chruthú idir aon bhia amháin agus toradh sláinte. Beidh an fhoclaíocht a úsáidtear ar phacáistiú an-chúramach, m.sh. déarfadh siad ‘Tá Vitimín C sa deoch seo. Tacaíonn Vitimín C leis an gcóras imdhíonachta’. Ní féidir leo a rá ‘Cuirfidh an deoch seo le do chóras imdhíonachta!’
- Maíomh go bhfuil an táirge freagrach go sóisialta (m.sh., trádáil chóir, orgánach, comhpháirtí carthanachta)**  
Is minic a bhíonn fonn ar thomhaltóirí an rud ceart a dhéanamh. Bainfidh déantóirí leas as an dea-thoil seo. Mar sin féin, is rogha níos sláintiúla é úll neamhorgánach ná paicéad brioscaí orgánacha.
- Cuireann dathanna agus íomhánna áirithe cuma shláintiúil in iúl (m.sh. páirceanna glasa nó crainn)** Beidh tionchar ag na dathanna agus na híomhánna ar an bpacáistiú ar an tuairim atá ag an tomhaltóir i leith an táirge. Mar shampla, má fheiceann daoine páirceanna glasa nó crainn ar phacáistíocht beidh cuma ‘níos sláintiúla’ ar an táirge; d’fhéadfadh an éifeacht a bheith caolchúiseach, ach tá sí éifeachtach.